ai178049629376_NPWS Crayfish Plague A3 OUTBREAK_PRINT.pdf 1 03/06/2026 15:18

# AIRE

# FOLÁIREAMH GALAIR

## Tá ráig den Phlá Piardóige sa chóras uisce seo

Cuireann an galar seo isteach ar an bPiardóg Liathbhán dhúchasach agus maraíonn sé í. Is trí spóir san uisce a ghreamaíonn de chabhail bád, de threalamh slatiascaireachta agus d'fhearas fliuch a scaipeann an galar. Ní féidir an Phlá Piardóige a smachtú má thagann sí isteach in abhainn nó loch! Tá sé ríthábhachtach mar sin scaipeadh an ghalair chuig láithreáin nach bhfuil buailte a chosc. Impítear ar gach duine a bhaineann úsáid as an uisce a dtrealamh a ghlanadh agus a thriomú go maith i gcónaí sula n-úsáidtear anseo é agus sin a dhéanamh arís sula bhfágtar an limistéar seo.

### SEICEÁIL

**SEICEÁIL** do bhád, do threalamh, d'éadaí agus do choisbheart ar fhaitíos go mbeadh plandaí agus ainmhithe orthu. Tabhair aire ach go háirithe d'áiteanna ina mbailíonn uisce nó a bhíonn tais agus atá deacair iad a sheiceáil.

### GLAN

**GLAN** gach ní go maith. Úsáid uisce te atá níos teo ná 65˚C nuair is féidir. (e.g. na scairdniteoirí ag garáistí ina aice láimhe a úsáid)

### TRIOMAIGH

**Triomaigh** gach ní go huile agus go hiomlán ar feadh ar a laghad 48 uair an chloig. Is féidir leis na spóir maireachtáil i ndálaí fliucha nó taise ar feadh 3 seachtaine agus is é an trealamh a thriomú go huile agus go hiomlán an bealach is éifeachtaí chun scaipeadh a stopadh.

**DÍGHALRAIGH:** Sa chás nach féidir trealamh a thriomú go huile agus go hiomlán. DÍGHALRAIGH gach ní le díghalrán ceadaithe amhail Milton (lean lipéad an táirge), Virkon Aquatic (3-10g/L), Proxitane(30mg/L) nó táirge iaidín-bhunaithe ar feadh 15 nóiméad. Is féidir earraí nach bhfuil éasca a chur ar bogadh a spraeáil nó a chuimilt le díghalrán. Ba cheart fuarthán innill nó fuílleach uisce i mbáid/i gcadhcanna a dhraenáil agus a ghlanadh amach le díghalrán nuair is féidir.

Is speiceas atá i mbaol í an Phiardóg Liathbhán agus is dóigh linn gur in Éirinn a maireann an líon is mó den speiceas ar fad.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

NPWS

**STOP**

**Scaipeadh na Plá**



Resolution: 300 DPI | Color Mode: CMYK | Date: 19/06/2026 | Bleed: T:23.86 R:23.85 B:23.86 L:23.86mm